



**Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe  
ar son na hAeráide & Comhshaoil**  
Department of Communications,  
Climate Action & Environment

**Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 Scéim Teanga**

**2018 – 2021**

## Contents

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra .....	3
1.1 Réamhrá .....	3
1.2 Ullmhú agus Inneachar na Scéime.....	3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime.....	5
Caibidil 2: Forléargas ar an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil .....	6
2.1 Misean agus Cuspóirí .....	6
2.2 Príomhfheidhmeanna.....	7
2.3 Príomhsheirbhísí.....	8
2.4 Custaiméirí agus Cliaint.....	8
Caibidil 3: Sonraí faoi na seirbhísí a sholáthraítear faoi láthair as Béarla amháin, as Gaeilge amháin nó go dátheangach .....	9
Caibidil 4: Soláthar Seirbhísí Gaeilge a Fheabhsú.....	12
Caibidil 5: Cumas Teanga a Fheabhsú .....	18
5.1 Earcaíocht.....	18
5.2 Oiliúint agus Forbairt.....	18
Poist Ainmnithe Ghaeilge.....	24
Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú .....	25
Caibidil 7: Fógraíocht a Dhéanamh ar an Scéim Chomhaontaithe.....	26

# Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

## 1.1 Réamhrá

Déantar foráil in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go n-ullmhódh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina sonrúfar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge faoi láthair a sholáthar amhlaidh laistigh d'achar ama aontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanfaidh scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.

## 1.2 Ullmhú agus Inneachar na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú, tugadh aird chuí ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha.

Tá an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil á treorú ag an bprionsabal gur cheart soláthar na seirbhísí Gaeilge a bhunú orthu seo a leanas:

- an bunleibhéal éilimh ar sheirbhísí sonracha as Gaeilge,
- a thábhachtaí atá cur chuige réamhghníomhach i leith soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- na hacmhainní, idir dhaonna agus airgeadas, agus cumas an chomhlachta ábhartha atá ar fáil chun an inniúlacht riachtanach teanga a fhorbairt nó a fháil.

Tacaíonn an scéim seo le prionsabail na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Ceapadh í agus é d'aidhm léi a chinntiú go dtabharfadh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil aghaidh go hiomlán ar na hoibleagáidí ábhartha ar fad faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla de réir a chéile, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna eile amach anseo.

Is é cuspóir na scéime seo leanúint ar aghaidh ag tógáil ar an dul chun cinn a baineadh amach i soláthar seirbhísí d'ardchaighdeán dár gcustaiméirí Gaeilge, i ndiaidh don Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha an chéad scéim teanga a thabhairt isteach in 2006. Cuireadh leis an soláthar sin sa scéim teanga a aontaíodh ina dhiaidh sin don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha don tréimhse 2014–2017.

Tá sé i gceist ag an Roinn an raon seirbhísí atá ar fáil as Gaeilge a leathnú thar shaolré na scéime. Chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar an éileamh ar sheirbhísí dá leithéid ar bhealach beartaithe, comhtháite agus inrochtana, measfar na leibhéil éileamh go leanúnach, le hiniúchtaí rialta de réir sceidil a thomhaisfidh líon na gceisteanna agus na n-iarratas ar sheirbhísí as Gaeilge.

Tógann an Scéim nua seo freisin ar phrionsabail na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus leanfar ar aghaidh ag cinntiú go bhfreastalaítear ar dhaoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh as Gaeilge. Ach caithfear comhthéacs reatha na seirbhíse poiblí a chur san áireamh, agus an chaoi a bhféadfadh srianta a bhíodh ar acmhainní agus ar earcú san earnáil phoiblí tionchar a imirt ar an dul chun cinn is féidir a bheith ag súil leis go praiticiúil.

Cuireadh an scéim i gcrích i ndiaidh comhairliúchán forleathan leis an bhfoireann ar fad sa Roinn agus i ndiaidh comhairliúcháin freisin leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Oifigí an Choimisinéara Teanga. Sa chás nár cuireadh tiomantais a bhí i scéimeanna roimhe seo i bhfeidhm go hiomlán fós, pléadh é sin le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Is iad bainisteoirí sinsearacha na Roinne a bheidh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na scéime. Is mór ag an Roinn an t-am agus an dua a chaith gach duine a bhí páirteach ann leis an bpróiseas seo.

## 1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beidh tosach feidhme leis an scéim seo le héifeacht ó 28 Bealtaine 2018 agus beidh sí i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana nó go dtí go ndaingneofar scéim nua, cibé acu is déanaí.

# Caibidil 2: Forléargas ar an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

## 2.1 Misean agus Cuspóirí

Is é atá de mhisean againn bonn treise a chur faoin dul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta agus cuidiú leis an tír teacht in inmhe go hiomlán:

- trí shoirbhiú don fhorbairt ar an infreastruchtúr agus ar na margaí maidir le cúrsaí cumarsáide agus fuinnimh;
- trí cheannródaíocht a dhéanamh maidir leis an aistriú go dtí geilleagar náisiúnta atá inmharthanach, ísealcharbóin agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní;
- tríd an timpeallacht nádúrtha ar ardchaighdeán a chosaint agus a fheabhsú; trí úsáid inbhuanaithe agus thairbheach a bhaint as acmhainní nádúrtha na tíre;
- agus tríd an bhforbairt ar earnáil na craoltóireachta, an chraoltóireacht phoiblí agus phríobháideach araon, a chur chun cinn.

Is féidir achoimre a dhéanamh mar seo a leanas ar ár bpríomhfhreagrachtaí i réimsí na cumarsáide, craoltóireachta, seirbhísí poist, gníomhaithe ar son na haeráide agus fuinnimh, comhshaoil, agus acmhainní nádúrtha:

### Cumarsáid

Cur le fás agus forbairt leanúnach gheilleagar agus shochaí na hÉireann ach leanúint ar aghaidh ag forbairt bonneagar daingean, nuálach agus slán do sheirbhísí agus cumarsáid dhigiteach.

### Craoltóireacht

Earnáil ilghnéitheach iolrach meán a chur chun cinn, a chosaint agus tacú léi, lena n-áirítear craoltóireacht seirbhíse poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar, agus earnáil craoltóireachta a bhfuil réimeas comhréireach éifeachtúil rialála mar bhonn agus mar thaca aici a chur chun cinn, a chosaint agus tacú léi.

## Postas

A chinntiú go mbaineann custaiméirí na hÉireann, gnó agus cónaithe araon, tairbhe as seirbhísí ardchaighdeáin poist ar phraghas iomaíoch atá ar comhchéim leis na caighdeáin is airde i bpríomhghuilleagair inchomparáide san Aontas Eorpach.

## Gníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh

A chur ar chumas an Stáit, laistigh de chreataí an Aontais Eorpaigh agus creataí idirnáisiúnta, dul sa tóir ar aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus é a bhaint amach, geilleagar a mbeidh soláthar daingean, iomaíoch fuinnimh mar bhonn agus mar thaca aige, sa tréimhse go 2050.

## Comhshaol

Cosaint ár dtimpeallachta nádúrtha, sláinte agus folláine ár saoránach agus an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach atá tíosach ar acmhainní a chur chun cinn chun tacú le forbairt, fás agus fostaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh na héiceolaíochta de.

## Acmhainní Nádúrtha

Saothrú agus bainistíocht a dhéanamh ar bhealach inmharthana tairbheach ar an iascach intíre, ar na hacmhainní mianraí agus hidreacarbóin agus ar na hacmhainní geolaíochta eile.

## 2.2 Príomhfheidhmeanna

Is éard atá i réimsí feidhme na Roinne ná cúig réimse earnála agus réimse tacaíochta corparáidí amháin. Is iad sin:

- Cumarsáid
- Fuinneamh
- Acmhainní Nádúrtha agus Dramhaíl
- Craoltóireacht agus Rialachas
- Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide

- Seirbhísí Corparáideacha

Roinntear gach réimse feidhme ina n-aonaid nó ina rannóga gnó, agus Ceann Feidhme ag stiúradh gach ceann. Tá cúigear Rúnaithe Cúnta ag an Roinn agus, i dteannta an Ard-Rúnaí, is comhaltaí den Choiste Bainistíochta iad.

## 2.3 Príomhsheirbhísí

Tugaimid faoi fheidhmeanna sna réimsí freagrachtaí seo agus aird ar fhorbairt agus athbhreithniú beartais, forbairt earnála, rialáil, bainistíocht acmhainní poiblí agus rialachas corparáideach. Cuirimid faisnéis ar fáil freisin faoinár mbeartais, scéimeanna agus seirbhísí, faisnéis atá soiléir, cruinn, cuimsitheach agus cothrom le dáta.

## 2.4 Custaiméirí agus Cliaint

Léiríonn bonn custaiméirí na Roinne an raon leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí a bhaineann lenár sainchúram.

I measc ár gcustaiméirí tá an tAire agus an tAire Stáit, comhaltaí eile an Oireachtais, ionadaithe poiblí áitiúla, an pobal, na comhlachtaí poiblí faoinár gcúram, comhlachtaí poiblí atá rannpháirteach sna hearnálacha a bhfuilimid freagrach astu, daoine aonair agus cuideachtaí a bhfuil caidreamh díreach gnó againn leo, ranna rialtais eile agus comhlachtaí poiblí, an tAontas Eorpach, eagraíochtaí idirnáisiúnta, na meáin, agus grúpaí deonacha a bhíonn i dteagmháil leis an Roinn mar gheall ar a shainleasanna agus a n-ábhar imní.



## Caibidil 3: Sonraí faoi na seirbhísí a sholáthraítear faoi láthair as Béarla amháin, as Gaeilge amháin nó go dátheangach

Tabhair le fios cén teanga ina gcuirtear do sheirbhísí ar fáil, seirbhísí sna Gaeltachtaí ina measc.

<b>Soláthar Seirbhísí (Cuir tic sa bhosca cuí)</b>			
<b>Ainm na Seirbhíse</b>	<b>As Béarla amháin</b>	<b>As Gaeilge amháin</b>	<b>Go dátheangach</b>
Foilseacháin Chorporáideacha (Ráiteas Straitéise, Tuarascáil Bhliantúil, Plean Gnímh na Cairte Seirbhísí do Chustaiméirí, Cairt Seirbhísí do Chustaiméirí, agus Cárta um Thuairimí Custaiméirí)			✓
Ráitis nó athbhreithnithe móra ar bheartais in earnálacha na cumarsáide, craoltóireachta, poist, fuinnimh, gníomhaithe ar son na haeráide, comhshaoil agus acmhainní nádúrtha.			✓
Fógráin preasa			✓
Preaseisiúintí			✓
Iarratais ar Thairiscintí (nuair nach mbaineann an tairiscint le cúrsaí Gaeilge)	✓		
Iarratais um Shaoráil Faisnéise			✓
Comhfhreagras scríofa (ríomhphost, post)			✓
Cumarsáid idirphearsanta			✓
Treoirínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais a bhaineann le scéimeanna, cláir agus próisis ar leith			✓

Suíomh gréasáin – inneachar statach, neamhtheicniúil			✓
<p>Ionstraimí Reachtúla</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ionstraimí Reachtúla ag a bhfuil raon feidhme teicniúil (margadh inmheánach an gháis nádúrtha, leictreachais, etc.): <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Ionstraim Reachtúil</li> <li>○ Eolas faoi na ceanglais a eascraíonn as ionstraimí dá leithéid a chuirtear in iúl don phobal trí fhógraí sna meáin.</li> </ul> </li> <li>• Ionstraimí Reachtúla ag a bhfuil raon feidhme ginearálta (rialacháin um íocaíocht in áit fíneálacha, rialacháin um táillí ceadúnais, etc.)</li> </ul>	✓		✓
<p>Foilseacháin eile</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cáipéisí Teicniúla</li> <li>• Tuarascálacha Athbhreithnithe ar Chaiteachas, Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, Pleananna Gnímh agus Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn faoi Chláir don Rialtas, Tuarascálacha Sainchomhairleoirí.</li> <li>• Cáipéisí le haghaidh lucht léitheoireachta lasmuigh den Stát.</li> <li>• Cáipéisí le haghaidh úsáid inmheánach go príomha e.g. beartais acmhainní daonna, pleananna oiliúna agus forbartha.</li> </ul> <p>Measfar ar cheart aon fhoilseachán eile nach bhfuil thuasluaite a fhoilsiú go dátheangach ag brath ar an gcás, agus aird chuí ar leas an phobail agus nádúr, méid agus leagan amach an ábhair.</p>	✓		✓

Tabhair faoi deara: Nuair atá ábhar á fhoilsiú faoi chruachóip, déanfaidh an Roinn gach iarracht a chinntiú go mbíonn foilseacháin dhátheangacha faoi chlúdach amháin, seachas go bhfoilsítear mar dhá fhoilseachán iad. Ach sa chás nach mbeadh foilseachán dátheangach chomh héifeachtacht céanna mar gheall ar a fhad, cuirfear leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leith ar fáil. Beidh ráiteas sa dá leagan ag rá go bhfuil an foilseachán ar fáil sa teanga eile. Ní bhaineann an tiomantas seo le foilseacháin ghréasáin ná le hIonstraimí Reachtúla a fhoilseofar ar leithligh.

## Caibidil 4: Soláthar Seirbhísí Gaeilge a Fheabhsú

Is ceanglais éigeantacha iad na forálacha sa téacs liath thíos de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Modh cumarsáide leis an bpobal		An Tiomantas	
<b>Fógairtí taifeadta béil</b>		<p>Beidh na fógairtí taifeadta béil seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:</p> <p>(a) Fógairtí taifeadta béil a thugtar ar an teileafón nuair atá oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;</p> <p>(b) Fógairtí taifeadta béil a chraoltar ar chóras fógartha poiblí;</p> <p>(c) Fógairtí taifeadta béil a chruthaítear agus a chraoltar ar chóras teachtaireachtaí ríomhairithe nó ar chóras freagartha teileafóin ríomhairithe.</p> <p>Baineann an fhoráil seo le fógraí ‘taifeadta’ agus ní le ‘fógraí beo’.</p> <p>Nuair atá Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, éilítear ar chomhlacht poiblí leagan Gaeilge an logainm a shonraítear san Ordú sin a úsáid i bhfógairtí taifeadta béil a dhéanann sé nó a dhéantar ar a shon.</p>	Éigeantach
<b>Cumarsáid scríofa</b>	<b>Litreacha agus post leictreonach</b>	Freagrófar gach cumarsáid scríofa sa teanga oifigiúil inar scríobhadh í.	Éigeantach

	<b>Stáiseanóireacht</b>	Foilseofar i nGaeilge nó go dátheangach ceanteidil stáiseanóireachta, lena n-áirítear páipéar litreach, duillíní dea-mhéine, bileoga cumhdaigh facs, clúdaigh chomhaid agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach.	Éigeantach
<b>Comharthaíocht</b>	<b>Comharthaíocht</b>	Ní mór an chomharthaíocht uilig a chuireann na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008).	Éigeantach
<b>Foilseacháin</b>	<b>Foilseacháin</b>	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí faoi bheartas poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla i gcomhthráth.	Éigeantach
	<b>Ciorcláin/cora poist</b>	I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid.	Éigeantach
<b>An Ghaeltacht</b>	<b>Logainmneacha</b>	Usáidfidh an comhlacht poiblí	Éigeantach

	<b>Gaeltachta</b>	logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	
--	-------------------	--	--

Tabharfaidh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil faoi na gníomhartha seo a leanas freisin faoi gach seirbhís.

<b>Modh cumarsáide leis an bpobal</b>		<b>An Tiomantas</b>	<b>Amlíne Faoi dheireadh Bhliain 1/ 2/ 3</b>
<b>Cumarsáid bhéil / scríofa</b>	<b><u>Fáiltiú</u></b>	Tabharfar liosta d'fhoireann an fháiltithe de chomhaltaí foirne na Roinne i ngach rannóg nó aonad atá in ann seirbhís as Gaeilge a chur ar fáil.	
	<b><u>An lasc-chlár</u></b>	Freagróidh oibrí an lasc-chláir an teileafón le hainm na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla.  Tabharfar liosta d'fhoireann an lasc-chláir de chomhaltaí foirne na Roinne i ngach rannóg nó aonad atá in ann seirbhís as Gaeilge a chur ar fáil.	
	<b><u>Cumarsáid ar an teileafón leis an bpobal</u></b>	I gcás seirbhísí idirphearsanta a chur ar fáil as Gaeilge, ar an teileafón nó duine le duine, shann an Roinn an fhreagrach láithreach ar an Oifigeach Gaeilge.  De réir mar a éilíonn an t-ábhar é, féadfaidh an tOifigeach Gaeilge cúnamh a fháil sa ról seo ón bhfoireann atá líofa sa Ghaeilge agus lonnaithe sa réimse beartais ábhartha.	
	<b><u>Fógairtí</u></b>	Tá na príomhfhógairtí réamhthairfeadta	

	<b><u>Taifeadta Béil</u></b>	neamhchórais a ghintear (i.e. na fógairtí réamhthaifeadta atá in úsáid nuair atá oifigí na Roinne dúnta nó nuair atá an t-oibrí lasc-chláir gnóthach) dátheangach.	
	<b><u>Fógairtí beo</u></b>	Tugann an Roinn faoi fhormhór a himeachtaí agus cruinnithe poiblí i mBéarla amháin.  Ach nuair is gá, cuirfidh an Roinn foireann atá líofa sa Ghaeilge ar fáil chun fógairtí dá leithéid a dhéanamh.	
	<b><u>Bileoga eolais/bróisiúir</u></b>	Cuirfear gach treoirlíne, bileog eolais agus bróisiúir a chuireann an Roinn i dtoll a chéile faoina scéimeanna, cláir nó próisis, agus a dtagraítear dóibh i Lámhleabhair na Roinne faoi Alt 15 agus Alt 16 um Shaoráil Faisnéise, ar fáil go dátheangach.	
	<b><u>Foirmeacha iarratais</u></b>	Cuirfear gach foirm iarratais, bíodh siad leictreonach nó i gcruachóip, a chuireann an Roinn i dtoll a chéile faoina scéimeanna, cláir nó próisis, agus a dtagraítear dóibh i Lámhleabhair na Roinne faoi Alt 15 agus Alt 16 um Shaoráil Faisnéise, ar fáil go dátheangach.	
<b>Na meáin</b>	<b><u>Preaseisiúintí</u></b>	Cuirfear preaseisiúintí na Roinne, seachas óráidí a eisíodh mar phreaseisiúintí nó atá ceangailte le preaseisiúintí, ar fáil go dátheangach ar shuíomh gréasáin na Roinne.	
	<b><u>Urlabhraithe do na meáin</u></b>	Tugann an Roinn faoi fhormhór a cumarsáide leis na meáin i mBéarla	

		<p>amháin</p> <p>Ach nuair is gá, cuirfidh an Roinn foireann atá líofa sa Ghaeilge ar fáil chun ráitis a eisiúint agus chun fógairtí a dhéanamh sa teanga sin.</p>	
	<p><u>Óráidí</u></p>	<p>Cuirfear óráidí ar fáil sa teanga inar tugadh iad.</p>	
<p><b>Teicneolaíocht faisnéise</b></p>	<p><u>Ríomhphost</u></p>	<p>Beidh an séanadh caighdeánach ar chumarsáid ar ríomhphost dátheangach.</p> <p>Spreagfar na comhaltaí foirne leis an gcuid neamhchórais a ghintear do theachtaireacht ríomhphoist “as oifig” a chur sa dá theanga.</p>	
	<p><u>Suíomhanna gréasáin</u></p>	<p>Tá suíomhanna comhthreomhara Gaeilge agus Béarla forbartha ag an Roinn le haghaidh an inneachair ghinearálta a bhaineann leis an Roinn agus a cuid seirbhísí.</p> <p>Laistigh de shaolré na scéime, cinnteoidh an Roinn go bhfuil líon nach lú ná 70% den inneachair ghinearálta agus statach ar fáil sa dá theanga.</p> <p>Tabhair faoi deara: i mBéarla amháin a bheidh inneachair áirithe ar fáil ar an suíomh gréasáin (e.g. óráidí, foilseacháin a chuireann Ranna/comhlachtaí eile i dtoll a chéile agus aon ábhar nach bhfuil sé i gceist ag an Roinn a fhoilsiú go dátheangach).</p>	<p><b>Bliain 3</b></p>



		Ní bheidh foilsiú comhuaineach as Gaeilge agus as Béarla i gceist le foilsiú ar an suíomh gréasáin ach amháin má éilítear é sin faoin Acht nó faoin Scéim.	
<b>An Ghaeltacht</b>	<b><u>Cruinnithe</u></b>	Tugann an Roinn faoi fhorhóir a cruinnithe poiblí taobh amuigh den Ghaeltacht, agus i mBéarla amháin.  Ach i gcás go dtionólaí an Roinn cruinnithe poiblí sa Ghaeltacht, nó a phléann le cúrsaí Gaeltachta/Gaeilge, cuirfidh sí foireann atá líofa sa Ghaeilge ar fáil chun na cruinnithe sin a reáchtáil.	
	<b><u>Logainmneacha</u></b>	Tá na socrúcháin riachtanacha curtha in áit ag an Roinn le cinntiú go n-úsáidfeadh logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta mar atá fógartha ag an Aire san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2005 mar réamhshocrú do chuspóirí corparáideacha, lena n-áirítear, mar is cuí, cuspóirí reachtúla, corparáideacha agus staidrimh.	

# Caibidil 5: Cumas Teanga a Fheabhsú

## 5.1 Earcaíocht

Is é an príomhbhealach a chuirfear barr feabhais ar infhaighteacht seirbhísí as Gaeilge ná comhaltaí foirne a earcú ag a bhfuil leibhéal iomchuí inniúlachta sa Ghaeilge i ngach réimse oibre sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Tá ár mbeartas earcaíochta faoi réir an chreata um nósanna imeachta náisiúnta earcaíochta a comhaontaíodh agus beidh aird aige ar an ngá le cumas Gaeilge a fheabhsú de réir a chéile.

Tabharfar pacáiste ionductúcháin do gach comhalta foirne nua ina bhfuil cóip dár scéim chomhaontaithe chun a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoinár dtiomantais faoin reachtaíocht.

## 5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil don fhoireann freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge a bhfuil creidiúnú iomchuí acu, de réir na n-acmhainní atá ar fáil. Cuirfear an fhoireann ar fad ar an eolas faoi na háiseanna/deiseanna atá ar fáil chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

		<b>An Tiomantas</b>	<b>Amlíne Faoi dheireadh Bhliain 1/ 2/ 3</b>
<b>Cumas Gaeilge a fheabhsú</b>	<b><u>Earcaíocht</u></b>	Tá an Roinn ag athscrúdú phlean an lucht saothair go dtí 2019, agus measfaidh sí cé na riachtanais eile atá ann i dtaobh na teanga, agus cuimseofar iad sin inár bpleananna earcaíochta agus comharbais.  <ol style="list-style-type: none"><li>1. Aon riachtanais bhreise a shainaithe agus earcú.</li><li>2. Monatóireacht a dhéanamh ar</li></ol>	<b>Bliain 1</b>  <b>Leanúnach</b>

		riachtanais as seo amach.	
	<b><u>Oiliúint</u></b>	<p>Tá nuashonrú le teacht go luath ar bheartas Foghlama agus Forbartha na Roinne agus áireofar ann riachtanais chun cumas Gaeilge a fheabhsú.</p> <p>Áireofar leis sin an chaoi le tacú le hoifigigh reatha atá líofa sa Ghaeilge, cabhrú le hoifigigh a dteastaíonn uathu a líofacht a fheabhsú, agus na cúrsaí is iomchuí chun riachtanais Ghaeilge na Roinne a chomhlíonadh a shainaitheint.</p> <p>Leanfaidh an tAonad Foghlama agus Forbartha agus an tOifigeach Gaeilge ar aghaidh leo seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Módúil Ghaeilge ar OneLearning, Lárionad nua Foghlama agus Forbartha na Státseirbhíse, a chur chun cinn go gníomhach;</li> <li>- Scéim aisíocaíochta táillí a chur chun cinn mar bhealach breise chun oiliúint Ghaeilge a spreagadh;</li> <li>- Comhairle a chur ar fáil don fhoireann ar an réimse ranganna Gaeilge d'ardchaighdeán atá ar fáil i ndiaidh uaireanta oifige (e.g. cúrsaí Gaeilge tríú leibhéal, ranganna le Gael Linn, Gaelchultúr, etc.);</li> <li>- Feasacht teanga a chuimsiú mar</li> </ul>	<p><b>Deireadh Bhlain 1</b></p> <p><b>Bliain 1</b></p>

		<p>chuid de na cúrsaí oiliúna Ionduchtúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí araon lena chinntiú:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ go dtuigeann an fhoireann an chúis a bhfuil beartas seirbhíse Gaeilge ag an Roinn</li> <li>▪ go dtuigeann an fhoireann comhthéacs agus cúlra an bheartais</li> <li>▪ go bhfuil an fhoireann ar an eolas go hiomlán faoin gcaoi a rachaidh an beartas i bhfeidhm ar a gcuid oibre;</li> </ul> <p>- Leanúint ar aghaidh ag lorg níos mó daoine atá sásta seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil ar fud na Roinne, de réir mar a fhorbraíonn cumas Gaeilge.</p>	
	<p><b><u>Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/soláthar acmhainní</u></b></p>	<p>Chomh maith leis sin, chun cur le cur chun cinn na Gaeilge mar ghné den fhorbairt ghairmiúil agus ghairme, spreagfaidh an tOifigeach Gaeilge agus an tAonad Foghlama agus Forbartha go rialta úsáid na Gaeilge i suíomhanna níos neamhfhoirmeálta agus/nó sóisialta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Malartú seachtainiúil teanga a eagrú agus a réachtáil i mBóthar Adelaide, le topaicí beartaithe</li> </ul>	<p><b>Bliain 1</b></p>

		<p>don phlé.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Aird a tharraingt ar imeachtaí agus gníomhaíochtaí áitiúla ina n-úsáidtear an Ghaeilge go sóisialta.</li> <li>- Úsáid na meán digiteach agus acmhainní Gaeilge a spreagadh e.g. irisí ar líne, blaganna, suíomhanna gréasáin, foclóirí, aipeanna.</li> <li>- Naisc agus rochtain a chur ar fáil ar acmhainní foghlama simplí ar líne e.g. spléach-chártaí, podchraoltaí, etc.</li> <li>- Club leabhar a eagrú agus a reáchtáil d'fhoghlaimoirí fásta.</li> <li>- Seisiúin Lóin agus Foghlama a eagrú ar thopaicí a bhaineann leis an nGaeilge.</li> <li>- Socruithe a shocrú do rannpháirtíocht iomchuí in imeachtaí níos forleithne a bhaineann leis an nGaeilge (e.g. Seachtain na Gaeilge, BainimÚsáidAs) sa Roinn.</li> </ul>	<p><b>Bliain 2</b></p> <p><b>Bliain 2</b></p>
	<p><b>Eile</b></p>	<p>Chun cur le cumas na Roinne aistriúchán inmheánach a chur ar fáil do thascanna beaga aistriúcháin, infheisteoidh an tAonad um Fhorbairt Straitéiseach agus Chumarsáid i mbogearraí Aistriúcháin</p>	<p><b>Bliain 1</b></p>

	<p>Ríomhchuidithe (e.g. SDL Trados) a úsáidfidh an tOifigeach Gaeilge ainmnithe.</p> <p>Cuirfear oiliúint sna bogearraí sin ar fáil don Oifigeach Gaeilge chun a chinntiú go mbaintear oiread leasa as ríomhaistriúchán agus is féidir sa tseirbhís sin.</p> <p>Rachaidh an tOifigeach Gaeilge i gcomhar go rialta leis an Aonad Aistriúcháin sa Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta ag féachaint le cleachtais aistriúcháin agus acmhainní ríomhaistriúcháin an dá Roinn a ailíniú.</p>	<b>Bliain 1</b>
	<p>Reáchtálfar comórtas foirmiúil soláthair maidir le seirbhísí aistriúcháin a sholáthar don Roinn.</p> <p>Chun a chinntiú go gcomhlíonfar ár gceanglais reachtúla faoin Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus faoin Scéim Teanga na Roinne ina n-iomláine agus ar bhealach tráthúil, cuirfear toradh an phróisis seo in iúl do na ranna go léir laistigh den Roinn.</p>	<b>Bliain 1</b>
	<p>Beidh sé mar choinníoll conartha sa chonradh le haghaidh seirbhísí aistriúcháin go gcoinneoidh an Roinn an cóipcheart iomlán sna haistriúcháin, agus gach cuimhne aistriúcháin a ghabhann</p>	<b>Bliain 1</b>

		<p>leo.</p> <p>Cuirfear na foinsí sonraí seo ar fáil don Comhordú Acmhainní na dTeangacha Eorpacha (ELRC) ar bhonn rialta lena chomhtháthú sa stór acmhainní teanga le haghaidh CEF (an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa), ardán eTranslation, d'fhonn feabhas a chur ar chaighdeán, réimse agus fheidhmiú córais uathastrithe go Gaeilge agus ón nGaeilge, ag leibhéal náisiúnta agus Eorpach araon.</p>	
--	--	---	--

## Poist Ainmnithe Ghaeilge

Ainmníodh na poist thíos mar phoist lena ngabhann iniúilacht sa Ghaeilge mar riachtanas. Beartaítear go mbeidh caighdeán shonraithe chreidiúnaithe sa Ghaeilge ag sealbhóirí na bpost seo, de réir fhreagrachtaí an phoist. Agus na poist seo á n-ainmniú, tugadh aird faoi leith ar phoist sa Ghaeltacht agus poist taobh amuigh den Ghaeltacht ach a bhfuil pobail Ghaeltachta agus/nó Ghaeilge ina gcuid mhór dá mbonn custaiméirí.

<b>Teideal an Phoist</b>	<b>Suíomh</b>	<b>Pobal Gaeltachta/Gaeilge ar a bhfreastalaítear</b>	<b>Tabhair le fios cén caighdeán Gaeilge a theastaíonn (bunúsach, idirmheánach nó ardchaighdeán)</b>
Oifigeach Gaeilge	Bóthar Adelaide	Gach saoránach ar mian leo a ngnó a dhéanamh leis an Roinn as Gaeilge; baill de na meáin Ghaeilge; ceisteanna inmheánacha foirne.	Ardchaighdeán.
Rúnaí Príobháideach an Aire Stáit	Oifig an Aire Stáit	Saoránaigh ar mian leo a ngnó a dhéanamh faoi gach ábhar faoi shainchúram an Aire as Gaeilge.	Idirmheánach.
Comhalta Foirne	An tAonad um Fhorbairt Straitéiseach agus Chumarsáid / an Phreasoifig	Gach saoránach ar mian leo a ngnó a dhéanamh leis an Roinn as Gaeilge; baill de na meáin Ghaeilge; ceisteanna inmheánacha foirne.	Bunúsach.



## Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an tAonad um Fhorbairt Straitéiseach agus Chumarsáid monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar chur i bhfeidhm na scéime. Is é an tOifigeach Gaeilge ainmnithe, bunaithe san Aonad um Fhorbairt Straitéiseach agus Chumarsáid, an teagmhálaí don scéim.

Tabharfaidh na Cinn Feidhmeanna faoi mhonatóireacht agus cur i bhfeidhm laethúil do na Rannóga a bhfuil siad freagrach astu. Déanfaidh an tOifigeach Gaeilge monatóireacht rialta ar éileamh agus soláthar na seirbhísí Gaeilge i ngach réimse sa Roinn.

Tuairisceoidh an tOifigeach Gaeilge an dul chun cinn don Choiste Comhpháirtíochta agus don Bhord Bainistíochta gach sé mhí. Foilseofar dul chun cinn ar scéim na Roinne i dTuarascálacha Bliantúla na Roinne.

## Caibidil 7: Fógraíocht a Dhéanamh ar an Scéim Chomhaontaithe

Déanfar fógraíocht ar an scéim seo go himmheánach agus go seachtrach, trí phreaseisiúint ar dtús. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar ár suíomh gréasáin agus dáilfear ar an bhfoireann ar fad agus ar ghníomhaireachtaí iomchuí í. D'fhéadfaí bealaí eile a úsáid freisin chun fógraíocht a dhéanamh ar an scéim.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár ngníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil as Gaeilge a chur chun cinn agus a fhógairt mar seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go réamhghníomhach faoin rogha atá acu gnó a dhéanamh linn as Gaeilge, mar shampla, trí fhógraí a thaispeáint i limistéir fáiltithe a chuirfidh na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil in iúl;
- liosta feiceálach de na seirbhísí sin a chur ar ár suíomh gréasáin;
- a chur in iúl ar threoirínte, bileoga agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí sin ar fáil as Gaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- an suntas céanna a thabhairt d'inneachar Gaeilge agus Béarla.

Seolfar cóip den scéim chomhaontaithe chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.